# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

09 Meitheamh 2022 || Eagrán 100

*Sceilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Tá muid thar a bheith buíoch as an tacaíocht agus cúnamh a thugann pobal Chois Fharraige dúinn le *Scéal, Scéal, Scéal...* a chur ar fáil chuile sheachtain. Is breá linn ag cloisteáil uaibh - idir scéalta a inseachta dúinn, fógraí tábhachtacha a scaipeadh agus nuaíocht an phobail a roinnt ar a chéile. Tá súil againn go dtaitneoidh an dearadh agus leagan amach nua libh, agus go rachaidh an nuachtlitir ó neart go neart. Bainigí taitneamh as!**








# TÉARMAÍOCHT AN TSAMHRAIDH

Tá ceardlanna teanga á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh deis ag rannpháirtithe níos mó a fhoghlaim faoi fhoclóir agus téarmaíocht an tSamhraidh agus na laethanta saoire ag teannadh linn. Cuirfear tús leis na ceardlanna ar an Luan 13ú Meitheamh @ 6i.n. agus leanfar chuile sheachtain go dtí 27ú Meitheamh. In Inis Fáil, An Spidéal a bheas na ceardlanna ar siúl faoi stiúir Nóra Seoighe. Le clárú is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com



# SIAMSÁN NA NÓG: IÓGA DON TEAGHLACH

Tá seisiún ióga do theaghlaigh á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta i gcomhar le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an Satharn 11 Meitheamh @ 11r.n. Ionad Chomhlachta Forbartha an Spidéil - taobh thiar de Chló Iar-Chonnacht - a bheas sé ar siúl. Beidh an seisiún feiliúnach do ghasúir 6-11 bhliain. Iarrtar ar rannpháirtithe clárú roimh ré ach teagmháil a dhéanamh le meadhbh@tuismitheoiri.ie nó is féidir glaoch a chur ar Mhéadhbh 091 869 571



# Téarmaíocht an tSamhraidh

Ceardlanna teanga bunaithe ar fhoclóir agus téarmaíocht an tSamhraidh agus na laethanta saoire ag teannadh linn!

**13, 20 & 27 Meitheamh @ 6-7i.n.**
**Inis Fáil, An Spidéal**
**H91 X63V**

**Clárú roimh ré:**
**optchoisfharraige@gmail.com**
**(083 010 6294)**



Tuismitheoirí na Gaeltachta

## Siamsán na nÓg

# IÓGA DO THEAGHLAIGH

## LE PÁISTÍ Ó 6 – 11 BHLIAIN D'AOIS



DÉ SATHARN

11 MEITHEAMH @ 11R.N.



IONAD: COMHLACHT FORBARTHA AN SPIDÉIL H91 XFE8

## CAITHFEAR CLÁRÚ ROIMH RÉ!

Bígí i dteagmháil le Meadhbh:

meadhbh@tuismitheoiri.ie

091 869 571



Tuismitheoirí na Gaeltachta | COIS FHARRAIGE | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán / Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | Údarás na Gaeltachta | S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

# FOLÚNTAIS AG COLÁISTE CHAMUIS

Tá Coláiste Chamuis sa tóir ar mhúinteoirí cáilithe (bunscoile agus meánscoile), agus mic léinn tríú leibhéal atá i mbun staidéir ar an nGaeilge le bheith mar bhaill dá bhfoireann mar mhúinteoirí nó mar chuntóirí. Caithfidh na hiarrthóirí a bheith cumasach, muiníneach agus sásta a bheith ag obair mar chuid de fhoireann gheanúil Ghaelach, i shuíomh fuinniúil agus beomhar, áit arb í an Ghaeilge teanga an phobail. Más mian leat cur isteach ar ról le Coláiste Chamuis, is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag eolas@colaistechamuis.ie

# FÉILE BÁID AN SPIDÉIL

Reáchtáilfear Féile Báid an Spidéil ar an Domhnach 12 Meitheamh. Feicfear na báid mhóra faoi lán tseoil amach ón Spidéal don chéad uair le trí bliana anuas. Beidh Báid Mhóra agus na Leath Bháid ag glacadh páirt sna geallta i mbliana. Seo é an chéad gheall den séasúr nnua. Faoi scáth Chumann Húicéirí na Gaillimhe a eagraítear é. Táthar ag súil le roinnt mhaith bád aniar ó Chonamara chomh maith le roinnt bád de chuid Bhádóirí an Chladaigh, an Meaircín Joe, atá réitithe as an nua agus curtha in oiriúint le haghaidh na ngeallta, ina measc. Cuirfear tús leis na rásaí @ 2i.n. ach beidh na báid le feiceáil roimhe sin agus iad ag déanamh ar an gCéibh Nua.






# BISEACH 2022

**Beidh eagrán nua den iris Biseach á fhoilsiú ag Cumann Forbartha Chois Fharraige i mí Dheireadh Fómhair. Lochlainn Ó Tuairisg a bheas i mbun eagarthóireachta ar an iris arís i mbliana. Ba bhreá leis an gCoiste Eagarthóireachta cloisteáil ó dhaoine ar mhaith leo ábhar a chur ar fáil don iris. Fáilteofar go háirid roimh pictiúir - seanphictiúir go speisialta, nár foilsíodh go dtí seo san iris. Is iris don phobal é Biseach atá á fhoilsiú ag an gCumann Forbartha le os cionn 50 bliain. Bíonn an-éileamh air i measc an phobail. Is féidir níos mó eolais a fháil ach ríomhphost a sheoladh ag cumannforbartha@gmail.com.**



# CAMPA DRÁMAÍOCHTA RUAILLE BUAILLE

**Tá campa samhraidh drámaíochta: Ruaille Buaille á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh an cúrsa ar siúl idir 27ú Meitheamh agus 8ú Iúil agus beidh sé feiliúnach do ghasúir bunscoile ó Rang 1 go Rang 6 (aois 7-12). Meascán de spraoi, ealaín agus drámaíocht a bheas sa gcampa le féirín deas nó dhó freisin! Táille €90 in aghaidh an ghasúir atá air ach más beirt ghasúir ó aon gclann amháin atá ann, gearrfar táille de €160 in aghaidh na clainne. Is féidir foirm iarratais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hoifig na pleanála teanga ag optchoisfharraige@gmail nó 083 010 6294.**



# MNÁ CHOIS FHARRAIGE ABÚ!

D'éirigh go hiontach le peileadóirí ban Chumann Micheál Breathnach ag Comórtas Peile na Gaeltachta le gairid nuair a fuair siad an lámh in uachtar ar an gCeathrú Rua sa gcluiche ceannais ag leibhéal na sóisear. Bhí tinte cnámh lasta ar thaobh an bhóthair agus daoine bailithe le bualadh bos a thabhairt don fhoireann nuair a tháinig siad abhaile. I Leitir Móir a himríodh an cluiche, leis an scór 2 – 14 in aghaidh 2 – 04. Sár-thaispeántas foirne a thug Michéal Breathnach uathu agus bhí neart de na himreoirí san iomaíocht don ghradam Laoch na hImeartha: an captaen Aobh Nic Dhubhghaill, Síofra Ní Mhárta, Ríona Howlin, Amy Ní Thuathail agus an cúl báire Clíona Ní Chonghaile, chomh maith leis an imreoir a roghnaíodh, Éabha Nic Dhonnacha ó Ros a' Mhíl, bean a scóráil 2 – 02 ón imirt. D'aimsigh Amy Ní Thuathail deich gcúilín ar fad, sé cinn acu sin ó shaorchiceanna. Níor chuir sí oiread is saorchic amháin féin amú. D'imir Éibhlín Nic Dhonnacha agus Caoimhe Ní Chonchubhair an-mhaith don Cheathrú Rua, foireann a raibh dhá chluiche imeartha acu an lá roimh ré, gan ach ceann imeartha ag na Breathnaigh. Tá creidiúint mhór ag dul don bhainisteoir Kevin Mac Donncha agus do na roghnóirí a bhí leis: Peadar Jude Ó Conghaile, Máirtín Ó Gionnáin agus Catherine Uí Scanláin – faoi chomh maith is a bhí foireann Chois Fharraige réitithe don chomórtas.



# AIRNEÁN CHOLMCILLE

Tháinig muintir Chois Fharraige le chéile ar an gCéadaoin 8 Meitheamh le páirt a ghlacadh in Airneáin Cholmcille a bhí á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga mar chuid de cheiliúradh ar Lá an Phatrúin. Bhain an lucht féachana taitneamh agus tairbhe as scéalta, seanchas agus stair Cholmcille a bhí á phlé ag – An Dr. Pádraig Ó Héalaí, An tOllamh Máirín Ní Dhonnchadha, An tOllamh Lillis Ó Laoire agus Máirín Mhic Lochlainn faoi threoir bhean an tí, Máire Ní Neachtain. Chuir ceol ó thriúir de Cheoltóirí Óga Chois Fharraige – Frankie Mac Aodha, Ríona Howlin agus Amanda Ní Bhrádaigh go mór leis an oíche freisin.

Chomh maith leis sin, thug Máirín Mhic Lochlainn cuairt ar bhunscoileanna Chois Fharraige i rith na seachtaine le labhairt leo faoi Cholmcille. Phléigh sí an nasc láidir atá ag Colmcille le Conamara agus an lorg speisialta a d'fhág sé ar an gceantar. Bhain na gasúir an-taitneamh as an seisiúin le Máirín agus is iomaí ceist a spreagadh iontu agus iad i mbun éisteachta! Rinne Colmcille de chuid Fhoras na Gaeilge urraíocht ar na himeachtaí.




ÉIRE




COIS FHARRAIGE
Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR
www.coisfharraige.ie
optchoisfharraige@gmail.com
0830106294
Pleanáil Teanga Chois Fharraige
PleanTeangaCF


um Pleanáil Teanga CTR
nga Chois Fharraige

# SCOLÁIREACHT GO COLÁISTE UISCE

**Chríochnaigh mé i mbliain a cúig ar an gCéadaoin 3 Meitheamh agus mé ag súil go mór leis an samhradh amach romham go h-áirithe mo phost mar chinnire i gColáiste Uisce i mBéal an Mhuirthead. Go deimhin, tá aithne mhaith agam ar an gColáiste Gaeilge agus ionad eachtraíochta seo cheana toisc gur bhronn Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga scoláireacht orm chun seachtain a chaitheamh i gColáiste Uisce le linn saoire na Cásca. Bhí clárama gnóthach agam lán le h-eachtraíocht spóirt idir snámh, tonnmharcaíocht, clárchéaslóireacht, boghdóireacht agus dreapadóireacht taobh istigh i rith na seachtaine seo. Bhí ochtó déagóir as chuile áit sa tír ag freastal ar an gcúrsa seo agus b'shin an chuid ab fhearr liomsa faoin gcúrsa, bheith ag castáil leis na daoine éagsúla seo, roinnt acu a bhfuil mé fós i dteangmháil leo. I rith am lóin fiú agus muid ag tógáil briseadh bhíodh ceol á chasadh ag na scoláirí ar uirlisí éagsúla. Ar an oíche dheireanach den chúrsa beomhar seo bhí comórtas amhránaíochta idir na déagóirí. Is cinnte go raibh seachtain den scoth agam le cuimhní áille agus táim ar bís anois le filleadh ar ais ann go luath. Tá mé thar a bheith buíoch do Fhóram Chois Fharraige as an deis thaitneamhach agus tairbheach seo a thabhairt dom.**

**Fionn Ó Ceallaigh**